Caibidil 1
Reachtaíocht

1.1 Riachtanais reachtúla d'árthaí áineasa

Aithníonn agus míníonn Cuid A den Chód an reachtaíocht a bhaineann le hárthaí áineasa a fheidhmítear in uiscí na hÉireann agus a bhfuil iallach ar úinéirí agus oibreoirí d'árthaí dá leithéid géilleadh leis. Éiríonn riachtanais reachtúla as reachtaíocht mhuirí na hÉireann, Treoracha an Aontais Eorpaigh agus dualgais an Stáit faoi réir coinbhinsiúin mhuirí idirnáisiúnta éagsúla atá glactha ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus comhlachtaí muirí idirnáisiúnta eile.

Cuimsíonn reachtaíocht bunreachtaíocht ar nós na nAchtanna Loingis Cheannaíochta 1894 go 2015 agus reachtaíocht tánaisteach choibhneasach i bhfoirm Ionstraimí Reachtaíochta (Rialacha agus Rialachán Loingis Cheannaíochta). Tá reachtaíocht náisiúnta a bhaineann leis an earnáil mhuirí ar fáil ar shuíomh gréasáin Riarachán Muirí na hÉireann (RMÉ) ag www.dttas.ie agus i Leabhar Reachtaíochta na hÉireann ag www.irishstatutebook.ie.

Cé go bhfuil an chuid is mó de reachtaíocht mhuirí náisiúnta dírithe go príomha ar loingeas tráchtála, tá codanna áirithe ann a bhaineann le hárthaí áineasa agus tá siad sin leagtha amach i dTábla A seo a leanas.

1.1.1 Fógraí Mara

Dírítear aird ar Fhógraí Mara a bhfoilsíonn an RMÉ i rith na bliana. Is fógraí eolais iad Fógraí Mara a eisítear chun faisnéis thábhachtach sábháilteachta, reachtaíochta agus faisnéis eile a bhaineann leis an earnáil mhuirí in Éirinn a phoibliú. Tá siad roinnte i dtrí chatagóir mar seo a leanas:

Reachtaíocht – chun aird a tharraingt ar rialachán nó ar cheanglas dlí eile;

Faisnéis – chun faisnéis a thabhairt ar thopaicí neamhreachtúla ar nós foláirimh sábháilteachta, gnáthaimh agus scrúduithe na hOifige Suirbhéireachta Mara, foilseacháin agus athghairmeacha táirgí;

Oibreacha – chun daoine a chur ar an eolas maidir le tógáil, oibreacha nó suirbhéanna ar an bhfarraige a bhfuil tionchar acu ar loingseoireacht.

Tá Fógraí Mara ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag www.dttas.ie. Más mian leat a chur leis an r-phost liosta chúrsaíochta d'Fhógraí Muirí nua ón RMÉ, le do thoil seol iarratas chuig marinenotices@dttas.ie.

Eisíonn Coimisinéir Soilse na hÉireann, Uiscebhealaí Éireann, údaráis calafoirt agus áitiúla fógraí mara ó am go chéile i gcomhair uiscí atá faoina ndlínse. Mar shampla, le Fógra Speisialta Muirí Uimhir 1 de chuid Uiscebhealaí Éireann gach bliain dírítear ar ábhair loingseoireachta intíre.

Tábla A – Reachtaíocht a bhaineann le hárthaí áineasa

Reachtaíocht	Árthaí Áineasa ar fad	Árthaí Áineasa >12 m	Árthaí Áineasa >15 NRT	Árthaí Áineasa >13.7 m
An tOrdú um Loingis Cheannaíochta (Rialacháin Imbhuailte) (Longa agus Árthaí Uisce ar an Uisce) 2012 (I.R. Uimh. 507 de 2012)	✓			
SOLAS Caibidil V – sábháilteacht loingseoireachta	✓			
MARPOL Iarscríbhinn I agus V – cosc ar thruailliú ó longa	✓			
Rialacháin um Árthaí Pléisiúir (Gléasra Snámha Pearsanta agus Feidhmiú) (Sábháilteacht) 2005, arna leasú (I.R. Uimh. 921 de 2005 arna leasú ag I.R. Uimh. 349 de 2012)	✓			
An Treoir um árthaí áineasa agus uisce pearsanta 2013/53/AE agus Rialacháin (Árthaí Áineasa agus Árthaí Uisce Pearsanta) an Aontais Eorpaigh 2017 (I.R. Uimh. 65 de 2017)	✓			
An tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismigh Mhara a Imscrúdú) 2000 (Uimh. 14 de 2000) – Bord Imscrúdaithe ar Thaismigh Mhara	✓			

Tábla A – Reachtaíocht a bhaineann le hárthaí áineasa

Reachtaíocht	Árthaí Áineasa ar fad	Árthaí Áineasa >12 m	Árthaí Áineasa >15 NRT	Árthaí Áineasa >13.7 m
Achtanna na gCuan 1996 go 2015 agus an tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh 1968, arna leasú	✓			
Rialacha na gComharthaí Guaise (Longa) 2012 (I.R. Uimh.170 de 2012)	✓			
An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí 2005 (Uimh. 11 de 2005), arna leasú	✓			
Rialacháin Loingis Cheannaíochta (Foilseacháin Mairnéalacha a Iompair) 1985 (I.R. Uimh. 282 de 1985)		✓	✓	✓
An tAcht Loingis Thráchtála (Uimh. 29 de 1955), arna leasú			✓	✓
Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1983 agus 1993				✓
Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Dóiteáin) 1967, 1983 agus 1985				✓

1.2 Reachtaíocht infheidmithe d'árthaí áineasa ar fad

1.2.1 Rialacháin Imbhuailte

Reachtaíocht Infheidhmithe

- An tOrdú um Loingis Cheannaíochta (Rialacháin Imbhuailte) (Longa agus Árthaí Uisce ar an Uisce) 2012, I.R. Uimh. 507 de 2012
- Rialacha na gComharthaí Guaise (Longa) 2012, I.R. Uimh. 170 de 2012.

Caithfidh árthaí áineasa ar fad rialúcháin idirnáisiúnta a chomhlíonadh chun imbhualadh a sheachaint.

Ba chóir do gach úinéir, captaen nó duine atá i gceannas ar árthach áineasa a bheith eolach faoi na rialacháin imbhuailte. Tá cuid de na príomhriachtanais curtha san áireamh in Aguisín 1.

1.2.2 SOLAS Caibidil V – sábháilteacht loingseoireachta

Ar an 1 Iúil 2002, tháinig roinnt rialachán nua i gCaibidil V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Shábháilteacht Mhuirí (SOLAS) i bhfeidhm a bhfuil tionchar díreach acu ar árthaí áineasa.

Cé go mbaineann an chuid is mó de choinbhinsiún SOLAS le longa móra tráchtála amháin, baineann codanna de Chaibidil V faoi shábháilteacht loingseoireacht le hárthaí áineasa.

Míníonn Fógra Mara Uimh. 9 de 2003 impleachtaí na reachtaíochta, ar féidir a choimriú mar seo a leanas:

- Is riachtanas é go bhfuil aon turas farraige pleanáilte i gceart sula dtugtar faoi. Féach Aguisín 8 chun sampla de Theimpleáid Chun Aistear a Phleanáil a fháil.
- Caithfidh go bhfeistítear gach árthach áineasa le frithchaiteoir radair más féidir (.i. más féidir ceann a chur air go réasúnta, ba chóir ceann a chur air).
- Caithfear tábla léirithe de chomharthaí tarrthála a choinneáil ar bord más féidir. Tá cóip san áireamh san Fhógra Mara agus in Aguisín 1.
- Tá dualgas ar an gcaptaen d'árthach áineasa aon chontúirtí do loingseoireacht a thuairisciú agus freagra a thabhairt ar theachtaireachtaí guaise. Is féidir é seo a dhéanamh trí dhul i dteagmháil le Garda Cósta na hÉireann ag 112 nó 999 agus é a thuairisciú go díreach dóibh siúd.
- Tá sé riachtanach nach mbaintear mí-úsáid as comharthaí guaise.

1.2.3 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le cosc ar thruailliú ó longa (MARPOL)

1.2.3.1 Cosc ar thruailliú trí bhruscar ó longa – Iarscríbhinn V de MARPOL

Caithfidh árthaí áineasa uile na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ó thaobh fáil réidh le bruscar:

(a) Níl sé ceadaithe aon ábhar de

dhéantús plaisteach a dhiúscairt san fharraige, lena n-áirítear málaí bruscair plaisteacha, ábhar fillteáin, téad shintéiseach, srl.

(b) Caithfear an bruscar seo a leanas a chaitheamh isteach san fharraige chomh fada agus is féidir ón talamh is giorra ach ní cheadaítear é pé scéal é má tá an fad ón talamh is giorra níos lú ná:
   (i) 25 mhuirmhíle i gcomhair pacáiste – líneáil agus ábhair phacáilte atá snámhach.
   (ii) 12 mhuirmhíle i gcóir dramhaíl bhia agus gach saghas bruscar eile lena n-áirítear táirgí páipéir, ceirteacha, gloine, miotail, buidéil, gréithe agus truflais chomhchosúla.

Lena cois sin caithfidh **árthaí áineasa de 12 méadar ar fad nó níos mó** fógraí a léiriú a gcuireann an fhoireann ar an eolas maidir le riachtanais a bhaineann le bruscar a dhiúscairt.

1.2.3.2 Cosc ar thruailliú le hola ó longa – Iarscríbhinn I de MARPOL
Tá sé riachtanach go bhfuil árthaí áineasa feistithe comha fada agus atá indéanta agus réasúnta le feistí chun an stóráil d'ola nó mheascáin olúla ar bord a chinntiú. Tá a bhfolmhú isteach san fharraige toirmiscthe mura bhfuil an t-árthach ag dul ar aghaidh agus má sháraíonn an t-ábhar olúil den eisilteach gan chaolú 15 cuid as milliún.

1.2.4 Caitheamh de Ghléasanna Snámha Pearsanta/Seaicéid Tarrthála

Tagraíonn an téarma "gléas snámha pearsanta" (GSP) do gach cineál seaicéad tarrthála agus áiseanna snámhachta a ligeann do snámhacht agus a mhéadaíonn an seans go dtiocfar slán nuair a chaitear agus úsáidtear i gceart iad san uisce. Cinntíonn éadaí áise snámhachta leibhéal snámhachta agus tacaíochta san uisce agus cuireann siad ar chumas an úsáideora snámh nó gníomh a dhéanamh chun éalú ó dhainséar.

Tá seaicéad tarrthála ceaptha chun bá a sheachaint agus ba chóir go ligfeadh sé don úsáideoir filleadh ar dhromchla an uisce chomh tapa agus is féidir agus an duine a choinneáil ar snámh, a ligfidh don análú fad is a thagann cabhair.

Riachtanais Reachtaíochta

- Rialacháin um Árthaí Pléisiúir (Gléasra Snámha Pearsanta agus Feidhmiú) (Sábháilteacht) 2005 (I.R. Uimh. 921 de 2005), arna leasú ag na Rialacháin um Árthaí Pléisiúir (Gléasra Snámha Pearsanta agus Feidhmiú) (Sábháilteacht) (Leasú) 2012 (I.R. Uimh. 349 de 2012).

Ní bhaineann na Rialacháin seo le báid rámhaíochta de "stíl Oilimpeach". Is árthaí iad seo, de réir na Rialachán, a dearadh agus a úsáidtear go sonrach le haghaidh rámhaíochta i ngeallta báid agus a

ligtear dóibh iontráil i ngeallta báid nó imeachtaí eile a aithnítear ag Aontas Rámhaíochta Amaitéaraí na hÉireann, agus in imeachtaí de chuid na gCluichí Oilimpeacha nó geallta báid rámhaíochta idirnáisiúnta eile.

1.2.4.1 Rialacháin um sheaicéid tarrthála ar árthaí áineasa seachas árthaí uisce pearsanta (ÁUP)

Baineann na forálacha seo a leanas le árthaí áineasa uile:

- Caithfidh gach duine ar bord aon árthach níos lú ná 7 m ar fad gléas snámha pearsanta (GSP) nó seaicéid tarrthála a chaitheamh agus iad ar bord árthaigh oscailte nó ar deic shoitheach deice, ach amháin agus an árthach ceangailte leis an gcladach.
- Tá sé riachtanach do mháistir nó úinéir aon árthach a chinntiú go bhfuil GSP nó seaicéad tarrthála á iompair ar an árthach do gach duine ar bord.
- Tá sé riachtanach do mháistir nó úinéir árthaigh gach céim réasúnta a ghlacadh lena chinntiú go gcaitheann gach duine faoi aois a 16 GSP/seaicéad tarrthála agus iad ar bord árthaigh oscailte nó ar deic shoitheach deice.
- Tagraíonn an téarma “árthach oscailte” d’aon árthach gan chábán nó áiseanna faoin deic do dhaoine ar bord agus áit a bhfuil aon suíocháin nó aon chuid de nochta do na dúile.
- Tá sé riachtanach do mháistir nó úinéir árthaigh gach céim réasúnta a ghlacadh lena chinntiú go gcaitheann duine GSP/seaicéad tarrthála cuí i gcónaí agus:
  (a) iad á tharraingt le téide ag an árthach, nó
  (b) iad ar bord aon árthach nó rud d’aon saghas agus é á tharraingt le téide ag an árthach.

Ní bhaineann na riachtanais GSP/seaicéid tarrthála faoi na Rialacháin le duine ar bord árthaigh nach bhfuil faoi bhealach agus atá ceangailte den chladach nó ar ancaire, agus nuair atá an duine:

(a) ag caitheamh, ag cur uime nó ag baint de trealaimh i gcóir tumadóireacht scúba nó
(b) ar tí dul i mbun, nó díreach i ndiaidh snámha (snorcallú san áireamh) ón árthach.

1.2.4.2 Rialacháin um sheaicéid tarrthála ar árthaí uisce pearsanta (ÁUP), m.sh. Scairdscíonna

- Tá sé riachtanach d’aon duine ar ÁUP GSP/seaicéad tarrthála a chaitheamh an t-am ar fad agus iad ar bord nó faoi tharraingt le téide in aon mhodh ag ÁUP.
- Tá sé riachtanach do mháistir nó úinéir de ÁUP gach céim réasúnta a ghlacadh lena chinntiú go gcomhlíonann gach duine faoi bhun aois a 16 an riachtanas chun GSP/seaicéad tarrthála a chaitheamh agus iad ar bord nó faoi tharraingt téide ag ÁUP.

1.2.4.3 Rialacháin um sheaicéid tarrthála i gcomhair Sciáil ar Uisce, Marcaíocht Marbhshrutha, Parafaoileoireacht agus síob eile ar cheann téide

Baineann na Rialacháin um Árthaí Pléisiúir (Gléasra Snámha Pearsanta agus Feidhmiú) (Sábháilteacht) 2005 (I.R. Uimh. 921 de 2005), arna leasú, le sciáil ar uisce, marcaíocht marbhshrutha, parafaoileoireacht agus síoba eile ar cheann téide mar seo a leanas:

- Caithfidh gach duine gléas snámha pearsanta nó seaicéad tarrthála a chaitheamh agus iad faoi tharraingt téide ag árthach pléisiúir nó ar bord árthaigh nó rud d'aon saghas atá faoi tharraing téide ag árthach. Is é máistir nó úinéir an árthaigh a dhéanann an tarraingt téide atá freagrach as an riachtanas seo a chomhlíonadh.
- Tá cosc ar dhaoine alcól nó drugaí a thógáil agus iad ag glacadh páirte i síob téide.

Tá níos mó eolais ar GSP/seaicéid tarrthála leagtha amach in Aguisín 5.

1.2.5 Feidhmiú árthaí áineasa – aoisleibhéil íosta

- Caithfidh an máistir nó úinéir ar ÁUP nó árthach de chumhacht gasta gach céim atá réasúnta a glacadh lena chinntiú nach bhfágtar an t-árthach faoi smacht nó fheidhmiú aon duine faoi bhun 16 bliana d'aois. Ciallaíonn an téarma "árthach de chumhacht gasta" aon árthach ar féidir leis luas de 17 muirmhíle san uair nó níos mó a bhaint amach tríd nó thar an uisce.
- Caithfidh an máistir nó úinéir d'aon árthach le ráta innill níos mó ná 5 each-chumhacht (ec) (3.7 kW) gach céim réasúnta a thógáil lena chinntiú nach bhfágtar an t-árthach faoi smacht nó fheidhmiú aon duine faoi bhun 12 bliana d'aois.

1.2.6 Smacht ar alcól agus drugaí

- Ní chóir do mháistir nó d'úinéir árthaigh phléisiúir an t-árthach a fheidhmiú nó a smachtú nó cead a thabhairt d'aon duine eile an t-árthach a fheidhmiú ná a smachtú faoi thionchar alcóil nó drugaí nó aon mheascán de dhrugaí nó de dhrugaí agus alcól.
- Níor chóir d'aon duine ar bord árthaigh phléisiúir alcól ná drugaí nó aon mheascán de dhrugaí nó de dhrugaí agus alcól a thógáil i gcúinsí ar féidir leo drochthionchar a bheith acu ar shábháilteacht na ndaoine ar bord nó daoine eile atá ag úsáid uiscí na hÉireann nó clampar a chruthú ar bord an árthaigh nó a bheith ina núis do dhaoine eile atá ag úsáid uiscí na hÉireann.
- Níl cead ag aon duine alcól nó drugaí nó aon mheascán de dhrugaí nó de dhrugaí agus alcól a thógáil agus iad á tharraingt ar théide nó ar bord árthaigh nó rud atá faoi tharraingt téide ag árthach pléisiúir.

D'fhéadfadh go mbeadh fógra íocaíochta seasta de €150 eisithe ag an Oifigeach Údaraithe nó ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche agus, ar ciontú achomair, fíneáil de suas le €5,000 mar thoradh ar aon fhoráil de na Rialacháin um Árthaí Pléisiúir (Gléasra Snámha Pearsanta agus Feidhmiú) (Sábháilteacht) 2005 a shárú.

Tá baill den Gharda Síochána, An tSeirbhís Chabhlaigh, Máistrí na gCuan agus baill den Riarachán Muirí na hÉireann atá ainmnithe ag an Aire san áireamh mar Oifigigh Údaraithe.

Déantar cur síos freisin san Acht um Shábháilteacht Mhuirí 2005 (Uimh. 11 de 2005) ar thoirmisc maidir le árthach a oibriú in uiscí na hÉireann faoi thionchar an alcóil nó drugaí (féach mír 1.7 den Chód seo).

1.2.7 Treoir um Threalamh Mara

Leagann Treoir an AE 2014/90/AE amach na caighdeáin tástála agus feidhmíochta do threalamh sábháilteachta mara. Marcáiltear trealamh a chloíonn leis an Treoir um Threalamh Mara le marc suntasach de roth loinge.

Tugadh éifeacht don Treoir i ndlí na hÉireann trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Mara) 2017 (I.R. Uimh. 177 de 2017).

Nuair atá trealamh mara seachas GSP á cheannach, bí cinnte go bhfuil an marc formheasta den roth loinge air, mar a thaispeántar thíos.

Marc-rotha formheasta na Treorach um Threalamh Mara

I gcás GSP, bí cinnte go bhfuil an comhartha CE formheasta air a thaispeántar thall.

CE

1.2.8 Treoir 2013/53/AE ar árthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta

Achoimre ar an Treoir

Nuashonraíonn Treoir 2013/53/AE na ceanglais reachtacha in Éirinn atá ann ó Mheitheamh 1998 don dearadh agus tógáil de bháid phléisiúir agus árthaí uisce pearsanta atá idir 2.5 m agus 24 m ar fad ar nós árthaí seoltóireachta, mótarbháid agus scairdscíonna. Leagtar síos ann freisin riachtanais ar leith do dhéantóirí, iompórtálaithe agus do dháileoirí árthaí uisce. Tagann na táirgí árthaigh uisce seo a leanas faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach:

- Árthaí áineasa le fad cabhlach ó 2.5 méadar go 24 méadar;
- Árthaí úisce pearsanta le fad cabhlach níos lú ná 4 méadar;
- Árthaí uise pearsanta atá leathchríochnaithe, cé acu árthaí áineasa nó árthaí úisce pearsanta;

- Comhpháirteanna, liostaithe in Iarscríbhinn II den Treoir, nuair a chuirtear ar leithligh iad ar mhargadh an Aontais;
- Innill tiomána curtha ar nó a bheartaítear a chur i nárthaí uisce;
- Innill tiomána curtha nó a bheartaítear a chur in árthaí uisce, nó faoi réir bunathrú innill;
- Árthaí uisce faoi réir mórthiontaithe árthaigh.

Faoi Threoir 2013/53/AE, caithfidh aon árthach uisce (nua nó athláimhe) a thagann faoina réim agus a chuirtear ar mhargadh an AE den chéad uair, na ceanglais riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinní na Treorach a chomhlíonadh. Ráthaíonn sé seo go bhfuil siad oiriúnach le díol nó le húsáid san AE. Clúdaíonn na ceanglais riachtanacha sonraíochtaí teicniúla, sábháilteachta agus comhshaoil.

Tá feidhm ag Treoir 94/25/CE arna leasú le Treoir 2003/44/CE fós maidir le árthaí áineasa, dobharárthach pearsanta, comhpháirteanna nó innill tiomána a chuirtear ar mhargadh an Aontais den chéad uair faoin 18 Eanáir 2017.

Árthaí uisce díolmhaithe

Ní bhaineann Treoir 2013/53/AE le roinnt táirgí árthaí uisce a úsáidtear chun críocha spóirt agus fóillíochta mar a liostaítear in Airteagal 2.2. den Treoir. Éilítear go gcuirtear lipéad ar tháirgí áirithe mar a shonraítear sa Treoir áfach. Maidir leis na ceanglais deartha agus tógála, a shonraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn 1, ní bhaineann an Treoir leis na táirgí seo a leanas:

- Árthaí uisce ar tógadh iad d'fhonn rásaíochta amháin, lena n-áirítear báid rámhaíochta rásaíochta agus báid rámhaíochta oiliúna ainmnithe mar sin ag an déantóir.
- Canúnna agus cadhcanna a thiomáintear le cumhacht daonna amháin, gandalaí agus báid troitheán.
- Cláir surfála a thiomáintear ag an ngaoth agus a oibrítear ag duine nó daoine ina seasamh.
- Cláir surfála.
- Árthaí uisce bunaidh stairiúla agus macasamhlacha aonair díobh a dearadh roimh 1950, tógtha go príomha leis na bunábhair agus lipéadaithe go bhfuil ag an déantóir.
- Árthaí uisce trialacha, ar an gcoinníoll nach bhfuil siad curtha ar mhargadh an Aontais.
- Árthaí uisce tógtha i gcomhair féin-úsáide, chomh fada nach bhfuil siad curtha ar mhargadh an Aontais ina dhiaidh sin laistigh de chúig bliana ónar cuireadh an t-árthach uisce i seirbhís.
- Árthaí uisce atá dírithe go sonrach ar chriú a bheith orthu agus paisinéirí a iompar ar son cuspóirí tráchtála.
- Árthaí intumtha, feithiclí aerchúisín, agus duillárthaigh.
- Feithiclí amfaibiacha, .i. mótarfheithiclí rothacha nó a leagann síos rian atá in ann oibriú san uisce agus ar an talamh araon.
- Árthaí uisce galtiomáinte le hinnill

dócháin sheachtraigh a úsáideann gual, cóc, adhmad, ola nó gás mar bhreosla.

Baineann díolúintí áirithe maidir le riachtanais astúchán sceite agus astaíocht torann freisin mar a leagtar amach sa Treoir.

Catagóirí deartha d'árthaí uisce a thagann faoi raon feidhme na Treorach

Sonraíonn an Treoir catagóirí deartha (A, B, C agus D) d'árthaí uisce, atá bunaithe ar a n-oiriúnacht do choinníollacha loingseoireachta cosúil le réimsí d'fhórsa na gaoithe agus tonnairde shuntasach. Tá tuilleadh eolais ar na catagóirí deartha seo le fáil i gCuid A d'Iarscríbhinn a hAon den Treoir, agus tá achoimre orthu thíos:

- **Catagóir A**

Deartha do ghaoithe níos láidre ná fórsa gaoithe 8 (scála Beaufort) agus tonnairde shuntasach de 4 m nó níos airde, ach amháin in aimsir neamhghnách ar nós stoirmeacha, stoirmeacha déine, hairicíní, tornádónna agus adhaimsir farraige nó tonnta fánacha

- **Catagóir B**

Deartha d'fhórsa gaoithe suas le 8 agus an fórsa sin san áireamh, agus tonnairde shuntasach suas le 4 m agus an airde sin san áireamh.

- **Catagóir C**

Deartha d'fhórsa gaoithe suas le 6 agus an fórsa sin san áireamh, agus tonnairde shuntasach suas le 2 m agus an airde sin san áireamh.

- **Catagóir D**

Deartha d'fhórsa gaoithe suas le 4 agus an fórsa sin san áireamh, agus tonnairde shuntasach suas le 0.3 m agus an airde sin san áireamh, le tonnta fánacha d'uasairde 0.5 m agus an airde sin san áireamh.

Comhartha CE agus ceanglais riachtanacha

Tá gach árthach uisce, comhábhair ainmnithe agus innill tiomána faoi réir chomhartha CE, a léiríonn go gcomhlíonann an táirge an Treoir. I gcás árthach uisce, caithfidh an comhartha CE a ghreamú de Phláta Thógálaí an árthaigh uisce, é a shuiteáil ar leith ó uimhir aitheantais an árthaigh, agus díreach ar an inneall i gcás innill tiomána. I gcás comhpháirteanna, mura féidir é an comhartha CE a ghreamú don táirge, ba cheart é a ghreamú don phacáistiú agus don doiciméad tionlacain.

Go hachomair, caithfear comhartha CE a ghreamú de:

- gach árthach uisce, comhábhair agus innill tiomána nuadhéanta, bídís déanta sna Ballstáit nó i dtríú tíortha;
- gach táirge athláimhe nuair a iompórtáiltear iad ó thríú tíortha agus nuair a chuirtear iad ar mhargadh an AE den chéad uair;
- táirgí mionathruithe atá faoi réir na Treorach seo ós rud é go bhfuil siad nua agus atá mionathruithe ar bhealach a bhféadfadh cur isteach

ar shábháilteacht nó comhlíonadh an táirge le reachtaíocht AE.

Áirítear i measc cheanglas riachtanach eile na Treorach:

- uimhir aitheantais do gach árthach uisce agus ceanglas chun pláta an tógálaí a iompar;
- an gá na hárthaí uisce a dearadh sa chaoi is go laghdaítear an baol atá ann titim thar bord agus go mbeadh sé éasca teacht ar ais ar bord;
- léargas maith mórthimpeall don oibreoir, sa ghnáthaimsir;
- lámhleabhar scríofa i dteanga atá sothuigthe don úsáideoir ar bord gach árthach uisce lena chinntiú go n-úsáidtear i gceart iad;
- struchtúr, buanseasmhacht agus buacacht dhóthanach de réir a chatagóire deartha;
- stopfheiste éigeandála do gach inneall tiomána transaim le rialú halmadóra;
- teorainneacha níos déine maidir le hocsaíd de nítrigin, hidreacarbóin agus ábhair cháithníneacha le haghaidh innill tiomána nua ar árthaí uisce;
- suiteáil éigeantach d'umair choinneála ar árthaí áineasa a bhfuil leithris acu, ar mhaithe le cosaint an mhuirthimpeallachta;
- ceanglais le haghaidh innill agus comhpháirteanna innill.

Idirthréimhse

Caithfidh déantóirí cloígh le ceanglais na Treorach faoi 18 Eanáir 2017, agus tá go dtí 18 Eanáir 2020 ag gnóthais bheaga agus meánmhéide a dhéanann roinnt inneall tiomána transaim spréachadhainte.

Tugtar éifeacht d'fhorálacha na Treorach i ndlí na hÉireann trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árthaí Áineasa agus Árthaí Uisce Pearsanta) 2017 (I.R. Uimh. 65 de 2017) arna leasú ag I.R. Uimh. 217 de 2017. Dírítear freisin ar Fhógra Mara Uimh. 33 de 2015, ar Fhógra Mara Uimh. 10 de 2017 agus ar Fhógra Mara Uimh. 23 de 2017 ina bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil maidir le ceanglais na Treorach agus I.R Uimh. 65 de 2017, arna leasú.

Le Ceanglais 2017 (I.R. Uimh. 217 de 2017) an Aontais Eorpaigh (Árthaí áineasa agus árthaí uisce) (Nós imeachta le haghaidh árthaí uisce a aithint) leasaíodh na rialacha maidir le sannachán agus riarachán de Chód Uathúil an Déantúsóra (UCM) agus ceapadh An Oifig Shuirbhéireachta Mara mar an t-údarás inniúil chun UCM a shannadh.

Féach ar Aguisín 7 i gcóir comhairle maidir le hárthaí áineasa a cheannach a thagann faoi réim Threoir 2013/53/AE maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce.

Pláta CE do bhád de Chatagóir "C"

1.2.9 Bord Fiosrúcháin ar Thaismigh Mhara

Bunaíodh an Bord Fiosrúcháin ar Thaismigh Mhara (BFTM) ar 5ú Meitheamh 2002 faoi alt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismigh Mhara a Imscrúdú) 2000 (Uimh. 14 de 2000).
Faoi fhorálacha an Achta, is é freagracht gach úinéir, oibreoir, agus captaen insint do Bhord an BFTM (féach ar Aguisín 10 i gcomhair sonraí teagmhála) faoi aon eachtra a cháilíonn mar thaismeach mara chomh luath agus is féidir go praiticiúil ón am ar tharla sé. Má mheastar go bhfuil sé de dhíth, bunófar fiosrúchán ag an BFTM, agus ceapfar Fiosraitheoir Timpiste.

Leagtar amach an creat rialacháin lena rialaítear an t-imscrúdú ar thaismí san earnáil iompair mhuirí i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingis Cheannaíochta) (Taismí a Imscrúdú) 2011 (I.R. Uimh. 276 de 2011). Is é feidhm na Rialachán sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus truailliú ag longa a chosc, agus an baol de thaismigh mhara amach anseo a laghdú dá réir sin. Ainmnítear an BFTM sna Rialacháin mar an buanchomhlacht imscrúdaithe in Éirinn chun taismigh agus taismí mara a imscrúdú. Féach www.mcib.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

1.2.10 Achtanna na gCuan – Cumhachtaí na Máistrí Cuain

Achtanna na gCuan 1996 go 2015 agus na hAchtanna um Lárionaid Chuanta Iascaigh 1968 go 2015.

De réir na nAchtanna seo, bíonn an chumhacht ag Máistrí Cuain fodhlithe a chruthú laistigh de theorainneacha a limistéir poirt. Cé go mbaineann móramh an tráchta loinge laistigh de phoirt dá leithéid le cúrsaí tráchtála, caithfidh árthaí áineasa na fodhlithe chuí a chomhlíonadh, iad siúd ach go háirithe a bhaineann le:

- Sábháilteacht loingseoireachta
- Teorainneacha luais
- Feidhmiú laistigh de chanálacha
- Baoithe
- Feistiú agus ancaireacht.

Tá sonraí maidir le fodhlíthe ar fáil ó Oifig an Mháistir Chuain agus ba chóir iad a sheiceáil sula n-úsáidtear limistéar an chalafoirt.

1.2.11 Raidióchumarsáid

Moltar go n-iompraíonn gach árthach áineasa modh amháin formheasta de threalamh raidióchumarsáide mara ar a laghad ionas go mbeifear in ann foláireamh guaise a thabhairt i gcás éigeandála. Féach Aguisín 2 maidir le Nótaí Treoracha ar Raidióchumarsáid.

Má tá trealamh raidióchumarsáide mara feisithe go deonach nó á iompar ar aon saghas árthaigh áineasa, caithfidh an t-árthach a bheith ceadúnaithe faoi réir an Achta Raidió-Thelegrafaíochta 1926, arna leasú. Eisítear ceadúnais faoi Cheanglais maidir le Rialacháin Raiditheileagrafaíocht (Ceadúnas raidió do stáisiúin ar bord loinge) 2006 (I.R. Uimh. 414 de 2006). Tá an Oifig Shuirbhéireacht Mara (OSM) den Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freagrach as trealamh raidióchumarsáide ar longa Éireannacha agus Deimhnithe gaolmhara Inniúlachta a cheadúnú.

Tá na bunriachtanais chun Cheadúnas Raidió Stáisiúin Loinge a fháil mar seo a leanas:

(a) Caithfidh an trealamh a bheith ceadaithe de réir na Treorach um Threalamh Mara (2014/90/AE) nó na Treorach um Threalamh Raidió (2014/53/AE). Ba chóir a bheith cúramach agus trealamh raidió mara á cheannach mar seans nach mbeidh ceadúnas ag trealamh neamhcheadaithe. Baineann sé seo go háirithe le trealamh a ceannaíodh lasmuigh den Aontas Eorpach.

(b) Caithfidh cáilíocht oiriúnach Oibreora Raidió a bheith ag na daoine a fheidhmíonn an trealamh raidió.

Beidh Comhartha Glaoite Raidió uathúil don árthach sa cháipéis cheadúnais agus uimhir Aitheantais Seirbhíse Soghluaiste Muirí (ASSM) más infheidhme.

1.2.11.1 Rabhchán Raidió Lena Léirítear Suíomh Éigeandála agus Rabhchán Pearsanta Aimsiúcháin

Rabhchán Raidió Lena Léirítear Suíomh Éigeandála (EPIRB)
Is tarschuradóir raidió é EPIRB 406 MHz ar féidir é a chur i ngníomh i gcás éigeandála chun foláireamh guaise a thabhairt.

Nuair a chuirtear EPIRB i ngníomh, tarchuireann sé comhartha a aimsíonn an córas satailíte Cospas-Sarsat. Agus na satailítí ag fithisiú an domhain, “éisteann” siad le haghaidh aon rabhchán ar cuireadh i ngníomh. Atarchuireann siad na comharthaí guaise go dtí stáisiúin ar talamh chun a suíomhanna a ríomh agus na foláirimh guaise a thuairisciú do na húdaráis chuardaigh agus tarrthála.

Tarchuireann formhór leaganacha na rabhchán comhartha frithinge de chumhacht níos ísle ar 121.5 MHz freisin mar thagairt d’fhoirne áitiúla cuardaigh. Ní féidir le roinnt seanleaganacha EPIRB ach comhartha analógach oidhreachta a tharchur ar 121.5 MHz nó 243 MHz. NÍ MHONATÓIREANN an córas domhanda satailíte Cospas-Sarsat na minicíochtaí sin a thuilleadh. Ba chóir EPIRB nua-aimseartha 406 MHz a fháil in ionad na rabhchán sin.

Cé gur ceapadh an Córas Cospas-

Sarsat chun suíomh beacht EPRIB a cuireadh i ngníomh a aimsiú go neamhspleách, tá rabhcháin níos nuaí ar fáil le slis chomhtháite glacadóra ionas go mbíonn an rabhchán in ann a shuíomh féin a aimsiú trí úsáid a bhaint as comharthaí ó chórais satailíte do loingseoireacht domhanda ar nós GPS. Má tá an tslis chomhtháite glacadóra in ann suíomh an rabhcháin a ríomh, tuairiscítear an suíomh sin san fhógra guaise a tharchuirtear ón rabhchán. Cuireann na rabhcháin atá trealmhaithe le GPS iomarcaíocht áisiúil ar fáil agus suíomh an rabhcháin á dhearbhú agus, i gcúinsí áirithe, is féidir leo an t-am a dteastaíonn ón Cospas-Sarsat an rabhchán a aimsiú a laghdú. Caithfear EPIRB GPS a ríomhchlárú le Prótacal Caighdeánach Suímh le huimhir Aitheantais Seirbhíse Soghluaiste Muirí (ASSM) an árthaigh chun an leibhéal is airde de chruinneas suímh a chinntiú i gcás go gcuirtear EPIRB GPS i ngníomh. Is féidir EPIRB gan GPS a ríomhchlárú le comhartha aitheantais an árthaigh.

Ba chóir gach EPRIB a thástáil go rialta de réir threoracha na ndéantóirí. Ba chóir aire a thabhairt freisin lena chinntiú go bhfuil bataire an EPIRB i ndáta.

Caithfear gach EPIRB a ríomhchlárú i gceart agus a chlárú leis an OSM. Caithfear aon athrú ar shonraí cláraithe an árthaigh a chlárú láithreach leis an OSM. Braitheann na húdaráis cuardaigh agus tarrthála (CAT) ar an gclár EPIRB sa chás go gcuirtear EPIRB i ngníomh. Tá ríomhchlárú agus clárú ceart riachtanach lena chinntiú go bhfuil faisnéis chruinn, iontaofa agus cothrom le dáta ag na húdaráis cuardaigh agus tarrthála (CAT) faoin árthach agus a chuid teagmhálacha i gcás éigeandála. Réitíonn sé aon fholáireamh faillíoch bréagach go tapa freisin gan acmhainní cuardaigh agus tarrthála a úsáid nach gá.

Rabhchán Pearsanta Aimsiúcháin (PLB)
Feidhmíonn PLB ar an mbonn céanna le EPIRB. Nuair a chuirtear i ngníomh i gceart é i gcás éigeandála, tarchuireann PLB comhartha 406 MHz agus aimsíonn córas satailíte Cospas-Sarsat é. Tuairiscítear an foláireamh guaise ansin d'údaráis cuardaigh agus tarrthála.

- Tá PLB ceaptha le bheith iompartha ag duine aonair.
- Is féidir EPIRB a chur i ngníomh de láimh nó go huathoibríoch ar teagmháil le huisce.
- **Ní féidir PLB a chur i ngníomh ach amháin de láimh.**
- Dearadh EPIRB le tarchur agus é ar snámh.
- **CAITHFEAR PLB a choinneáil glan amach ón uisce le haghaidh tarchuir.**
- Tá cumas níos fearr ag EPIRB ná ag PLB teacht slán ón timpeallacht.

Mar sin, ní fhéachtar ar PLB mar ionadaí do EPIRB. Moltar do mharaithe, áfach, go háirithe dóibh siúd atá ag bádóireacht leo féin, PLB a chaitheamh.

Caithfear gach PLB a chlárú i gceart leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg). Tá clárú ceart an PLB riachtanach lena chinntiú go bhfuil faisnéis agus teagmhálacha cruinn, iontaofa agus cothrom le dáta ag na húdaráis Cuardaigh agus Tarrthála (CAT) i gcás éigeandála.

Tá áis chláraithe ar líne ag ComReg do ghléasra PLB in Éirinn. Ba chóir d'úinéir PLB a PLB a chlárú ag https://www.comreg.ie/industry/licensing/personal-locator-beacons/ Is féidir ceisteanna a bhaineann le clárú PLB a chur ar:

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
1 Lárcheantar na nDugaí
Sráid na nGildeanna
Baile Átha Cliath 1
D01 EX40

Suíomh gréasáin:
www.comreg.ie
Ríomhphost:
licensing@comreg.ie
Teil: (01) 804 9600 (Tionscal)
(01) 804 9668 (Tomhaltór)

Moltar gurb é PLB de chineál 406 MHz le feiste frithinge 121.5 MHz a iompraítear ar shoithí na hÉireann. Moltar freisin go mbeadh glacadóir comhtháite GPS ag an PLB. Ligeann seo do chruinneas suímh níos fearr agus, mar sin, ag freagartha níos tapa i gcás go gcuirtear i ngníomh é. Ba chóir go mbeadh PLB cineálcheadaithe ag Cospas-Sarsat agus deimhnithe de réir na Treorach 2014/53/AE ar Threalamh Raidió agus Caighdeán Eorpach ETSI EN 302 152.
Tabhair faoi deara: Léirítear comhlíonadh na Treorach 2014/53/AE le "Comhartha Comhréireachta CE".

1.3 Reachtaíocht infheidhmithe d'árthaí áineasa níos mó ná 12 méadar ar fad

1.3.1 Foilseacháin mhairnéalachta

Reachtaíocht Infheidhmithe

- Rialacháin Loingis Cheannaíochta (Foilseacháin Mairnéalachta a Iompair) 1985, I.R. Uimh. 282 de 1985.

Tá sé riachtanach de réir na rialachán seo go n-iompraíonn gach árthach áineasa níos mó ná 12 méadar ar fhad:

1. Cairteacha ceartaithe d'árthaí a théann chuig an bhfarraige.
2. Cóip amháin de na foilseacháin seo a leanas mar is cuí don turas a bhreith ar bord in áit atá inrochtana go héasca ar aon árthach a théann ar aghaidh chun farraige níos faide ná fad 5 mhuirmhíle ó aon líne cósta:

(1) Cód Idirnáisiúnta na gComharthaí
(2) Tábla léirithe de Chomharthaí Tarrthála (Féach Aguisín 1)
(3) Fógraí Mara ábhartha agus infheidhmithe (Foilsítear Fógraí Mara ar shuíomh gréasáin na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)
(4) Lámhleabhar na Mairnéalach
(5) Fógraí do Mhairnéalaigh, mar is cuí, a eisíonn an t-Údarás áitiúil Calafoirt
(6) Almanag Mairnéalach
(7) Táblaí Loingseoireachta
(8) Liostaí de Chomharthaí Raidió
(9) Liostaí Soilse
(10) Treoracha Seoltóireachta
(11) Táblaí Taoide
(12) Atlais de Shruthanna Taoide
(13) Treoirlínte Feidhmiúcháin agus Cothabhála i gcóir cabhracha loingseoireachta á iompar ag an long.

1.4 Reachtaíocht infheidhmithe d'árthaí áineasa níos mó ná 15 glantonnáiste cláraithe (TGC)

1.4.1 Árthaí áineasa a chlárú

Reachtaíocht Infheidhmithe:

- An tAcht Loingis Thráchtála 1955, mar a leasaíodh.

"Acht chun foráil a dhéanamh do charachtair náisiúnta, úinéireacht agus clárú longa Éireannacha, chun longa dá leithéid a mhorgáistiú, a dhíol, a aistriú agus a dtonnáiste a thomhas."

Tugann clárú náisiúntacht do shoitheach, agus cuireann sé isteach í faoi réir dhlínse na brataí a n-eitlíonn sí. Mar sin, srianann dlí na hÉireann árthach faoi bhratach Éireannach, cé gur féidir léi a bheith ag taisteal go domhanda. Bunaíonn páipéir cláraithe an árthaigh a bona fides i modh an-chosúil leis an tslí a dhéanann pas náisiúnta do dhuine aonair. Is féidir le clárú dlínse coiriúil a bhunú má tharlaíonn eachtra nó timpiste in uiscí idirnáisiúnta.

Buntáiste mór de chlárú ná Teideal don árthach a bhunú, .i. cé leis í. Tá sé seo riachtanach chun an bád a thógáil thar sáile. Bíonn gné airgeadais chomh maith le clárú – ní thabharfaidh institiúidí iasachta morgáiste mara ach amháin ar árthaí cláraithe, agus déantar taifeadadh de mhorgáistí ar árthaí mar sin uilligh.

Ní dhéanann an tAcht 1955 idirdhealú idir árthaí áineasa nó tráchtála – meastar iad ar fad ina longa (ach amháin má thiomáintear iad le maidí) maidir le clárú. Sainmhíníonn an tAcht na daoine siúd ar féidir leo bád a chlárú faoi bhratach na hÉireann mar seo a leanas:

- Saoránaigh Éireannacha nó saoránaigh ó Bhallstáit eile den AE
- Comhlachtaí Corparáideacha ón AE nó ó Éirinn, lonnaithe laistigh den AE
- An Rialtas nó Airí an Rialtais.

Faoi alt 18(1) d'Acht 1955, ceanglaítear go gcláraítear gach long a bhfuil úinéireacht iomlán ag saoránach Éireannach nó ag comhlacht corparáideach Éireannach aici faoin Acht, mura bhfuil an long díolmhaithe faoi alt 18(2). Áirítear ar na longa díolmhaithe iad siúd atá faoi 15 glantonna agus iad ag loingseoireacht ar aibhneacha, canálacha, locha nó ar chóstaí na hÉireann, na Breataine Móire, Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann. Tá longa a bhfuil úinéireacht acu ag saoránach Éireannach nach bhfuil cónaí orthu go hiondúil sa Stát díolmhaithe freisin. Faoin Acht, áfach, caithfidh árthaí áineasa atá níos mó ná 15 TGC gur le saoránaigh Éireannacha nó le comhlacht corparáideach Éireannach iad, a bheith cláraithe de réir téarmaí an Achta.

Má bhíonn árthaí áineasa ag loingseoireacht thar lear lasmuigh de na huiscí thuasluaite, agus más le saoránach Éireannach a bhfuil cónaí air/uirthi sa Stát go hiondúil iad, ba chóir go mbeidís cláraithe ar an gclár náisiúnta. Go ginearálta, má tá cónaí ar dhuine in Éirinn go hiondúil, ba chóir don duine sin a chinntiú go bhfuil a luamh cláraithe ar an gclár náisiúnta agus é ag feidhmiú thar lear le go gcomhlíonfaidh sé na riachtanais reachtúla náisiúnta do chlárú long.

Mar threoir ghinearálta, is cosúil go mbíonn a lán bád níos mó ná 12 méadar (timpeall 40 tr) ar fad comhionann le figiúr tonnáiste 15 TGC. Má theastaíonn comhairle ó úinéir ar an gcosúlacht go gcáileodh a árthach i gcomhair cláraithe, is féidir leis an Oifig Loingis Thráchtála den RMÉ comhairle a thabhairt dó/di. Mar a imlínítear thuas, níl aon riachtanas reatha ann go gcláraítear árthach atá níos lú ná 15 TGC nó árthaí a bhfuil úinéireacht acu ag saoránach Éireannach nach bhfuil cónaí orthu sa Stát de ghnáth. Tá sé de theidil ag na árthaí seo a bheith cláraithe, áfach, má theastaíonn ó úinéir a leithéid a dhéanamh, chun na sochair tairgthe faoin Acht a fháil.

Tá tuilleadh eolais ar ghnáthaimh chláraithe, suirbhéireacht agus tomhas san áireamh, ar fáil ón Oifig Loingis Thráchtála (OLT) den RMÉ nó ó na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir dul i dteagmháil leis an OLT ag (01) 678 3480 nó ag mmo@dttas.ie.

1.4.2 Forbairtí cláraithe amach anseo – An tAcht Loingis Cheannaíochta (Clárú Long) 2014

Achtaíodh an tAcht Loingis Cheannaíochta (Clárú Long) 2014 (Uimh. 43 de 2014) i mí na Nollag 2014. Seachas alt 69, níor cuireadh tús leis an Acht go fóill. Is é príomhfheidhm an Achta ionad an Achta Loingis Thráchtála 1955, arna

leasú, a thógáil agus é a atá nuashonrú, agus chun córas cuimsitheach nua-aimseartha do chlárú long a bhunú agus a rialú a bheidh níos éifeachtúla, níos éasca le húsáid agus níos éasca le teacht air d'úinéirí long. Áirítear na gnéithe seo a leanas i measc na n-athruithe agus na bhfeabhsaithe a thabharfar isteach faoin Acht:

- Clár Long na hÉireann nua atá láraithe, leictreonach agus inrochtana ina bhfuil Codanna difriúla don chlárú de chineálacha difriúla long agus d'fheidhmeanna difriúla cláraithe;
- Leathnú de chlárú éigeantach long le catagóirí long breise, lena n-áirítear báid iascaireachta níos lú ná 15 méadar ar fad ar an iomlán, árthaí uisce pearsanta ar nós scairdscíonna, árthaí beaga de chumhacht gasta agus roinnt báid bheaga slatiascaireachta tráchtála, faoi réir roinnt díolmhaithe, ceanglaítear go gclárófar longa a fheidhmíonn in Éirinn ar an gClár nó go mbeadh clárú reatha bailí acu a bhronnann náisiúntacht ó thír eile;
- Catagóirí nua cláraithe, lena n-áirítear clárú cuairteora d'árthaí áirithe áineasa atá ag teacht ar cuairt go hÉirinn ar feadh tréimhsí gearra níos lú ná 3 mhí nuair nach bhfuil na árthaí sin cláraithe i dtír eile;
- Tús d'athnuachan cláraithe long agus áis chun clárú long a dhiúltú nó longa a bhaint ón gClár. Caithfear clárú long a athnuachan suas le 5 bliana tar éis an chéad chláraithe agus ar eatraimh de suas le 10 mbliana ina dhiaidh sin;
- Córas feabhsaithe forfheidhmithe agus pionóis.

Leagfar amach sna Rialacháin faoin Acht na sonraí de struchtúr an Chláir nua agus na riachtanais difriúla cláraithe do gach Cuid den Chlár. Beidh riachtanais agus coinníollacha éagsúla cláraithe ann do gach Cuid den Chlár nua ag brath ar chineál, méid, úsáid srl. an árthaigh lena mbaineann, le riachtanais nach bhfuil chomh trom céanna ar shoithí áineasa neamhthráchtála níos lú. Beartaítear go bhfreastalófar freisin ar an gclárú toilteanach d'fhormhór na gcineálacha árthaí áineasa eile atá níos lú ná 24 méadar ar fad más mian leis an úinéir a leithéid d'árthach a chlárú sa Chuid den Chlár d'árthaí uisce pearsanta agus árthaí beaga de chumhacht gasta.

Ní thiocfaidh an córas nua do chlárú long i bhfeidhm go dtí go ndéantar na rialacháin riachtanacha faoin Acht 2014 agus go dtí go mbunófar Clár Long na hÉireann agus córas cláraithe nua faoi thionscadal TF ar leith. Go dtí go mbunófar Clár Long na hÉireann nua, leanfaidh na socruithe reatha faoin Acht 1955 do chlárú long ag oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim ar aghaidh.

1.5 Reachtaíocht infheidhmithe d'árthaí áineasa de 13.7 méadar ar fhad nó níos mó

1.5.1 Trealamh Tarrthála agus Sábháilteachta

Reachtaíocht Infheidhmithe:

- Rialacha um Gléasanna Tarrthála ar Loingis Cheannaíochta.

Cuimsíonn gléasanna tarrthála nithe de threalamh tarrthála ar nós seaicéid tarrthála, rafta tarrthála, bladhmanna, baoithe tarrthála, EPIRB, srl.

Bíonn Rialacha éagsúla i gcóir árthaí déanta roimh agus i ndiaidh 1986, mar a leanas:

- Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1983 (I.R. Uimh. 302 de 1983). Baineann siad seo le hárthaí a rinneadh roimh 1 Iúil 1986.
- Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1993 (I.R. Uimh. 380 de 1993). Baineann siad seo le hárthaí a rinneadh ar nó tar éis 1 Iúil 1986.
- Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1983 (Leasú) Rialacha 1993 (I.R. Uimh. 381 de 1993).
- Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1983 (Leasú) (Uimh. 2) 1993 (I.R. Uimh. 382 de 1993).

Rangaítear árthaí áineasa le fad de 13.7 m nó níos mó faoi shoithí **Grád XII**, faoi na Rialacha seo. Leagtar amach na gléasanna tarrthála infheidhmithe do shoithí Grád XII faoi na Rialacha seo i dTábla B. Braitheann na ceanglais ar fad agus limistéir fheidhmiúla an árthaigh.

Tábla B: Báid Grád XII – Trealamh Tarrthála Sainordaitheacha

Trealamh Tarrthála	Árthaí Áineasa (1)* 13.7 – 21.3 méadar ar fhad. Feidhmiúcháin	Árthaí Áineasa (2)+ 13.7 – 21.3 méadar ar fhad. Muirghabhála (tar éis 1986).
Baoithe		
Baoi do gach beirt ar bord (Íosmhéid de 2)	✓	
Baoi amháin feistithe le comhartha deataigh agus soilse uathoibríoch	✓	
Baoi amháin feistithe le líne snámhach (18 m)	✓	✓
2 Baoi, ceann amháin feistithe le comhartha deataigh/soilse		✓
Seaicéad Tarrthála		
Seaicéad Tarrthála do gach duine ar bord	✓	
Seaicéad Tarrthála do gach duine ar bord le solas feistithe air		✓
Piriteicnicí		
Sé bladhm paraisiútach nó roicéid comharthaíochta an réalta dearg	✓	✓
Árthach Uiscedhíonach do na Bladhmanna	✓	✓
Tábla Comhartha Tarrthála	✓	✓
Rafta Tarrthála le hacmhainn iompair do gach duine ar bord.		✓
Treoirlínte Lainseála/Póstaeir do rafta tarrthála léirithe		✓
Lámhleabhar Oiliúna don trealamh sábháilteachta ar bord.		✓
Treoirlínte Cothabhála don trealamh sábháilteachta		✓

1.5.1.1 Árthaí áineasa Grád XII déanta ar nó tar éis 1 lúil 1986 agus de 13.7 méadar agus níos mó ach níos lú ná 21.3 méadar ar fad

Tá na hárthaí seo clúdaithe faoi na Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1993 – I.R. Uimh. 380 de 1993.

Tá ceantair chósta roinnte mar limistéir de "Uiscí séimhe", "Uiscí séimhe i bpáirt", agus " Chun Farraige". Tá na ceantair áirithe sainmhínithe i bhFógra Mara eisithe ag an RMÉ, agus tá siad faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúil. Ó 2017, is iad Uimh. 10 de 2003 agus Uimh. 24 de 2004 na Fógraí Mara ábhartha. Tá siad seo ar fáil ag www.dttas.ie.

Cuimsíonn árthaí sa raon tomhais seo dhá chatagóir bunaithe ar an limistéar feidhmíochta agus an t-am den bhliain. Baineann gléasra tarrthála difriúla leis an dá chatagóir, mar seo a leanas:

Catagóir (1)* Árthaí atá:

- Fostaithe in aistir **nach dtéann** amach ar an bhfarraige, nó
- **Nach dtéann amach ar an bhfarraige ach amháin ó Aibreán go Deireadh Fómhair** san áireamh, ar aistir **gan a bheith riamh níos mó** ná trí mhíle ón gcósta.

Ní chosúil go dtéann árthaí sa chatagóir seo amach ar an bhfarraige, agus feidhmeoidh siad i gcónaí ar uiscí séimhe nó séimh i bpáirt. Má théann, is idir Aibreáin agus Deireadh Fómhair a théann siad amach chun farraige, agus caithfidh siad fanacht laistigh de thrí mhíle ón gcósta.

Catagóir (2)+ Árthaí atá fostaithe in:

- Aistear **farraige**, agus é **níos mó** ná trí mhíle ón gcósta i rith an aistir, nó
- Aistear farraige le linn na míonna ó Shamhain go Márta, san áireamh.

1.5.1.2 Árthaí áineasa Grád XII déanta ar nó tar éis 1 lúil 1986 de 21.3 méadar ar fad agus níos mó

Tá na hárthaí seo clúdaithe faoi na Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1993 – I.R. Uimh. 380 de 1993).

Is cuma an limistéar feidhme farraige, caithfidh árthaí atá 21.3 méadar ar fad nó níos mó trealamh tarrthála a bhreith leo mar atá leagtha amach i dTábla C seo a leanas:

Tábla C: Báid Grád XII – Trealamh Tarrthála Sainordaitheacha

Trealamh Tarrthála	Árthaí Áineasa 21.3 – 25.9 méadar ar fhad. Feidhmiúcháin Srianta.	Árthaí Áineasa de 25.9 méadar ar fad nó níos mó
Baoithe		
Baoi do gach beirt ar bord (Íosmhéid de 2)	✓	
Baoi amháin feistithe le comhartha deataigh agus soilse uathoibríoch	✓	
Baoi amháin feistithe le líne snámhach (18 m)	✓	✓
2 Baoi, ceann amháin feistithe le comhartha deataigh/soilse		✓
Seaicéad Tarrthála		
Seaicéad Tarrthála do gach duine ar bord	✓	
Seaicéad Tarrthála do gach duine ar bord le solas feistithe air		✓
Piriteicnicí		
Sé bladhm paraisiútach nó roicéid comharthaíochta an réalta dearg	✓	✓
Árthach Uiscedhíonach do na Bladhmanna	✓	✓
Tábla Comhartha Tarrthála	✓	✓
Rafta Tarrthála le hacmhainn iompair do gach duine ar bord.	✓	✓
Treoirlínte Lainseála/Póstaeir do rafta	✓	✓
Lámhleabhar Oiliúna don trealamh sábháilteachta ar bord.	✓	✓
Treoirlínte Cothabhála don trealamh sábháilteachta	✓	✓
Gléas chun líne a chaitheamh	✓	✓
Bád Tarrthála agus trealamh lainseála dó		✓

1.5.1.3 Árthaí áineasa Grád XII déanta roimh 1 Iúil 1986

Tá na riachtanais trealaimh sábháilteachta cosúil leo siúd a leagadh amach in Ailt 1.5.1.1 agus 1.5.1.2. Is féidir sonraí áirithe a fháil ón RMÉ nó trí na Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Tarrthála) 1983 (I.R. Uimh. 302 de 1983).

1.5.1.4 Árthaí áineasa níos lú ná 13.7 méadar ar fad

Níl aon riachtanais reachtúla do ghléas tarrthála ar árthaí áineasa níos lú ná 13.7 méadar ar fad, ach amháin na Rialacháin um Árthaí Pléisiúir (Gléasra Snámha Pearsanta agus Feidhmiú) (Sábháilteacht) 2005 (I.R.Uimh. 921 de 2005), arna leasú. Moltar go láidir, áfach, go n-iompraíonn árthaí dá leithéid caighdeán íosta de threalamh tarrthála agus tugtar treoracha ar seo i gCuid B den Chód.

1.5.2 Trealamh do Chomhrac Dóiteáin

Reachtaíocht Infheidhmithe:

- Rialacha um Chomhrac Dóiteáin Loingis Cheannaíochta

Tagraíonn an téarma “Gléasanna Dóiteáin” do threalamh comhraic dóiteáin cosúil le múchtóirí dóiteáin, blaincéid dóiteáin, píobáin agus caidéil dóiteáin, srl.

Cé go bhfuil Rialacha éagsúla ann a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hárthaí áineasa ag brath ar an dáta tógála, forchuireann na Rialacha riachtanais chosúla orthu.

Reachtaíocht Ábhartha:

- Baineann na Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Dóiteáin) 1967 (I.R. Uimh. 101 de 1967) le hárthaí a tógadh roimh 25 Bealtaine 1980
- Baineann na Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Dóiteáin) (Longa iar-1980) 1983 (I.R. Uimh 303 de 1983) le hárthaí a tógadh idir 25 Bealtaine 1980 agus 1 Meán Fómhair 1984
- Rialacha Loingis Cheannaíochta (Gléasanna Dóiteáin) (Longa iar-1980) (Leasú) 1985 (I.R. Uimh. 278 de 1985) le hárthaí a tógadh ar nó tar éis 1 Meán Fómhair 1984
- Rialacha Loingis Cheannaíochta (Um chosaint in aghaidh dóiteáin) 1985 (I.R. Uimh. 279 de 1985) le hárthaí a tógadh ar nó tar éis 1 Meán Fómhair 1984.

1.5.2.1 Árthaí áineasa de 13.7 méadar nó níos mó ar fad

Féach Tábla D thíos.

Tábla D: Trealamh Sainordaitheach do Chomhrac Dóiteáin

Cineál Trealaimh	Báid 13.7 – 15 méadar ar fad	Báid 15 – níos lú ná 21.34 méadar ar fad agus níos lú ná 150 tonna	Báid de 21.34 méadar ar fad nó níos mó
Múchtóirí Dóiteáin			
2 múchtóir dóiteáin nó buicéid dóiteáin (le láinnéar ar cheann acu)	✓	✓	
3 múchtóir dóiteáin nó buicéid dóiteáin (le láinnéar ar cheann acu)			✓
2 múchtóir dóiteáin feiliúnach le n-úsáid ar thinte ola, do bháid ar a bhfuil innill dócháin inmheánacha	✓	✓	✓
Caidéil/Píobáin Dóiteáin			
Caidéal dóiteáin láimh (lámh-oibrithe)	✓	✓	
Caidéal dóiteáin do shú farraige	✓	✓	✓
Píobán dóiteáin	✓	✓	
Soc píobáin dóiteáin (trastomhas íosta de 6 mm) le sprae scairde agus uisce	✓	✓	
Píobán dóiteáin cumhacht-tiomáinte			✓*
Príomhlíne uisce agus hiodrant dóiteáin			✓
2 píobán dóiteáin			✓
Soc sprae píobáin dóiteáin do spásanna innealra			✓
Tua fhir dóiteáin			✓

*Is féidir píobán dóiteáin cumhacht-tiomáinte a thiomáint ón bpríomhinneall. Má úsáidtear an rogha seo, áfach, ní mór an dara caidéal dóiteáin láimhe a sholáthar freisin, lasmuigh de na spásanna innealra. Ní mór go mbeadh an caidéal láimh breise in ann scaird uisce 6 méadar a sholáthar trí shoc 10 mm.

1.5.2.2 Árthaí áineasa níos lú ná 13.7 méadar ar fad

Níl riachtanas reachtúil ar bith ann faoi láthair do ghléasanna dóiteáin d'árthaí áineasa níos lú ná 13.7 méadar ar fad. Ach moltar gur cheart do shoithí dá leithéid méid áirithe ar a laghad de ghléasanna dóiteáin a iompar agus tugtar treoir maidir leis seo i gCuid B den Chód seo.

1.6 Uiscebhealaí Intíre agus Córais Chanála

Is éard atá sna huiscebhealaí intíre ná na codanna inseolta de na haibhneacha níos mó, gréasán de na canálacha agus lochanna. Go ginearálta ní bhíonn na coinníollacha sna huiscebhealaí intíre chomh crua leis na coinníollacha a bhíonn sna réigiúin chósta. Chun críocha an Chóid seo, tagraíonn uiscebhealaí intíre d'uiscí gan taoide agus/nó d'fhionnuisce. Tá roinnt údarás éagsúil le ról in uiscebhealaí intíre inseolta sa Stát a bhainistiú. Tá níos mó sonraí ar na húdaráis seo i gCaibidil 3.

In Éirinn, tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as Uiscebhealach na Sionainne, an Chanáil Mhór, an Chanáil Ríoga, Uiscebhealach an Bhearbha agus Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Déanann Iontaobhaithe Loingseoireachta na Coiribe bainistíocht ar an gCoirib. Tagann codanna d'uiscebhealaí eile faoi dhlínse an Údaráis Cuain ábhartha agus níl aon údarás loingseoireachta per se ag cinn eile (m.sh. an tSláine) ach d'fheadfaidís teacht faoi réir fodhlíthe údaráis áitiúil. Tá tuilleidh faisnéise ar fáil in Aguisín 3 maidir le baoitheáil agus scéimeanna marcála ar roinnt uiscebhéalaí intíre.

1.6.1 Achtanna Uiscebhealach na Sionainne agus Fodhlíthe Coibhneasacha

Reachtaíocht ábhartha do chóras na Sionainne:

- Achtanna Uiscebhealach na Sionainne 1990 agus 2005
- Fodhlíthe Uiscebhealach na Sionainne (Tógáil Árthaí) 1992 (I.R. Uimh. 79 de 1992)
- Fodhlithe Uiscebhealach na Sionainne 1992 (I.R. Uimh. 80 de 1992), arna leasú.

Baineann an reachtaíocht thuas le haon árthach áineasa atá bunaithe ar uiscebhealach na Sionainne, lochanna agus craobh-aibhneacha san áireamh.

Tagraíonn I.R. Uimh. 79 de 1992, go sonrach do riachtanais tógála árthaí, trealamh sábháilteachta nach mór a iompar, suiteálacha innill, suiteáil Gáis Pheitriliam Leachtaigh agus cócaireán. Sainmhíníonn I.R. Uimh. 80 de 1992, oifigigh údaraithe agus a gcumhachtaí, teorainneacha luais, dréachtaí uasta, rialacha loingseoireachta, leibhéil chriú, úsáid áiseanna agus ritíi cladaigh.

Caithfear gach árthach a fheidhmíonn ar Uiscebhealach na Sionainne clárú le hUiscebhealaí Éireann mar a leagtar síos i

bhFodhlíthe 5 agus 6 d'Fhodhlíthe Uiscebhealach na Sionainne 1992 (I.R. Uimh. 80 de 1992).

Sainmhínítear "árthach" mar árthach nach bhfuil cosúil leo seo a leanas:

- bád oscailte nó leastar gan bhord
- canú, scif, céaslaire
- bád rámhaíochta
- bád atá ceaptha á thiomáint go príomha le maidí rámha nó seol
- bád nach bhfuil á thiomáint ag inneall níos mó ná 15 each-chumhacht.

Leasaíodh na fodhlithe i 1994 chun cosc a chur ar dhoirteadh séarachais ó shoitheach ar bith isteach san uiscebhealach.

1.6.2 Loingseoireacht ar an tSionainn

Aithníonn Fodhlíthe Uiscebhealach na Sionainne (I.R. Uimh. 80 de 1992) na rialacha atá le leanúint ag árthach atá ag loingseoireacht ar uiscebhealaí na Sionainne.

Cé go bhfuil an t-ábhar cosúil le COLREGS, tá roinnt sainrialacha breise i gceist freisin.

- Níl cead ag árthaí a bheith ar comhuisce le nó teacht suas ar shoithí ar bith ar aon chuid den uiscebhealach atá níos lú ná 13 méadar ar leithead.
- Tabharfaidh árthaí atá ag loingseoireacht **leis** an sruth tús áite d'árthaí atá ag loingseoireacht in aghaidh an tsrutha, agus iad ag dul faoi dhroichead.
- Ba cheart go mbeadh báid á gcoinneáil ag taobh an deasbhoird den chuisle inseolta ag dul ó chaladh go caladh.
- Ní mór d'árthach atá ag dul in aghaidh an tsrutha cead slí a thabhairt d'árthaí atá ag dul leis an sruth.
- Ní mór cloí leis na teorainneacha luais atá leagtha síos sna Fodhlithe.
- Nuair a théann árthach isteach in Uiscebhealach na Sionainne, is ag dul **ó Thuaidh** atá na Baoithe.

Tá péint **Dhearg** ar Bhaoithe, Rabhcháin agus Phaidhligh ar thaobh an **Chlébhoird**, agus tá péint **Ghlas** orthu ar thaobh an **Deasbhoird** nuair atá tú ag dul in aghaidh an tsrutha. Níl marcanna loingseoireachta faoi shoilse ar an Sionainn.

Ar Uiscebhealach na Sionainne – na hÉirne soir ó Loch an Scoir, tagann athrú ar an gcóras marcála go córas de mharcanna dearga le splancacha bána áit a léiríonn an splanc bhán an taobh sábháilte. Úsáidtear baoitheáil chliathánach dhearg agus ghlas ar chóras na Coiribe atá mar an gcéanna le córas na Sionainne.

1.6.3 Loingseoireacht ar an gCóras Chanála

Tá loingseoireacht ar an gCanáil Ríoga agus ar an gCanáil Mhór á rialú ag Fodhlíthe achtaithe faoi Acht na gCanálacha 1986 agus 2005. Téigh i dteagmháil le hUiscebhealaí Éireann le haghaidh tuilleadh eolais ar na fodhlíthe seo.

1.6.4 Loingseoireacht ar Chóras na Coiribe

Tá Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib freagrach as cothabháil na n-áiseanna loingseoireachta, roinnt céanna ar chóras na Coiribe, córas canála Eglinton agus na siúlbhealaigh, cosáin tarraingthe, geataí loic agus ballaí teorann gaolmhara.

1.7 An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí 2005 (Uimh. 11 de 2005), arna leasú

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Achta ná an dlí in aghaidh na húsáide míchuí d'árthaí áirithe áineasa a neartú, iompar meargánta i bhfeidhmiú árthaí nó ar bord árthaí a eisreachtú, agus dea-chleachtas i bhfeidhmiú árthaí i gcoitinne a chur chun cinn. Nuashonraíonn an tAcht rialachán sábháilteachta ag déanamh forálacha do bháid phaisinéara, árthaí iascaireachta agus pléisiúir, agus nuashonraíonn sé forálacha pionóis agus eile d'Achtanna gaolmhara áirithe.

Is iad seo a leanas príomhfhorálacha an Achta a bhfuil tionchar acu ar árthaí áineasa:

Cuid 2 Árthaí uisce pearsanta agus Árthaí Áineasa

Seo a leanas príomhfhorálacha na Coda seo:

- Cumhachtaí soiléire a thabhairt d'údaráis áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, chomhlachtaí cuain, Iarnród Éireann agus, maidir leis na sé ionad cuain iascaigh, don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun fodhlíthe a dhéanamh chun úsáid scairdscíonna agus árthaí áineasa eile de chumhacht gasta a rialú agus a smachtú.
- Ceapachán ag údaráis áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, comhlachtaí cuain, Iarnród Éireann agus, maidir leis na sé ionad cuain iascaigh, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, de dhaoine údaraithe chun forálacha an Achta a fhorfheidhmiú. Tá ról lárnach ag na Gardaí Síochána i bhforfheidhmiú freisin.
- Gabháil, coimeád agus forghéilleadh árthaí a bhí páirteach i gcionta dáiríre agus dícháiliú ciontóirí dáiríre ón árthach atá i gceist a oibriú, ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí agus cosaint oidhreachta.
- Ar chiontú go hachomair, fíneálacha suas le €2,000 as na fodhlíthe a shárú.

Tá naisc do shuímh ghréasáin aonair gach limistéar údaráis áitiúil ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil – www.lgcsb.ie/en/irish-local-government. Moltar go seiceálfar leis an údarás áitiúil ábhartha i gcomhair eolais ar na fodhlíthe trá a bhféadfadh feidhm a bheith acu sa chontae sin.

Cuid 3 Toirmisc a bhaineann le Árthaí – Cóid Chleachtais don Fheidhmiú Slán d'Árthaí

Díríonn príomhfhorálacha na Coda seo ar:

- toirmeasc ar úsáid árthaí "neamh-inseolta" in nó ar aon uiscí
- toirmeasc ar loingseoireacht nó feidhmiú míchúramach nó contúirteach árthaí
- toirmisc ar fheidhmiú árthaigh faoi thionchar an alcóil nó drugaí nó aon mheascán de dhrugaí nó de dhrugaí agus alcól
- gníomhartha mar thoradh ar mheisce, iompar suaiteach, srl., de dhaoine ar bord árthaigh
- toirmeasc ar shoithigh nó sábháilteacht daoine ar bord a chur i gcontúirt a chiallóidh, ar ciontú achomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 6 mhí, nó an dá rud, nó ar ciontú ar díotáil fíneáil nach mó ná €100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 2 bhliain nó an dá rud
- ullmhú agus foilsiú Cód Cleachtais chun feidhmiú ceart agus slán árthaí a chur chun cinn.

Cuid 4 Rialacháin Sábháilteachta – Báid Phaisinéirí, Árthaí Iascaigh agus Árthaí Pléisiúir

- Nuashonraíonn agus athluann príomhfhorálacha na Coda seo, arna leasú, forálacha déanta-rialacháin Aireachta ó 1992 maidir le báid phaisinéirí, árthaí iascaigh agus árthaí áineasa.

Cuid 5 Leasú ar Achtacháin Áirithe

Nuashonraíonn an Chuid seo na forálacha cionta, forfheidhmithe agus pionóis i roinnt Achtanna gaolmhara, na cinn a bhaineann le fógraí íocaíochta seasta ("fíneálacha ar an láthair") san áireamh.

Cuid 6 Forálacha a bhaineann leis an urthrá agus le ceadúnais urthrá agus dobharshaothraithe

Leasaíonn Cuid 6 roinnt forálacha sna hAchtanna Urthrá.

1.8 Reachtaíocht eile

Díríonn an Cód Chleachtais seo go príomha ar úsáid d'árthaí áineasa in uiscí na hÉireann. Cuirtear i gcuimhne d'úinéirí agus d'oibreoirí árthaí áineasa, áfach, go bhféadfaí go mbainfidh ceanglais reachtacha eile faoi reachtaíocht ábhartha eile ar nós na nAchtanna Loingis Cheannaíochta, na nAchtanna um Thruailliú na Farraige, agus an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) i gcás go bhfeidhmítear na hárthaí sin ar bhonn tráchtála.

Mar shampla, i gcás go mbíonn gaol fostóra/fostaithe ag baint le húsáid árthaí áineasa nó i gcás go mbaineann úsáid d'árthaí dá leithéid go díreach le fiontar duine féinfhostaithe, forchuirtear dleachtanna faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tá tuilleadh eolais ar an Acht 2005 ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag www.hsa.ie nó Íosghlao 1890 289 389 (idir 9r.n. agus 12:30i.n., Luan go hAoine).